TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA DON CHOMÓRTAS CUARDACH MHUINEACHÁIN

Bí páirteach i gCuardach Mhuineacháin!

Ní raibh a leithéid de shamhradh riamh againn. Muna raibh an seans agat dul amach is cuairt a thabhairt ar na seoid atá i mbéal an dorais agat, seo an t-am don eachtra úd. Ba bhreá le Turasóireacht Mhuineacháin an teaghlach ar fad a bheith páirteach is iad ag imeacht timpeall an chontae álainn atá anseo againn…

Agus d'fhéadfá duais a bhuachaint! Ar aghaidh leat:

1 Faigh leathanach na gceisteanna do Chuardach Mhuineacháin agus téigh timpeall an chontae ag lorg na bhfreagraí, feicfidh tú buanna móra agus láithreacha breátha ar an mbealach

2 Roghnóidh Turasóireacht Mhuineacháin na buaiteoirí faoi thuairim ó na hiontrálacha líonta agus bronnfar dearbháin bhaile ar thriúr buaiteoir lena gcaitheamh i mbailte móra an chontae mar a leanas: €300 (An chéad Duais), €200 (An dara Duais) agus €100 (An tríú Duais)

3 Spreagtar leanaí freisin lena bheith páirteach i Mionchuardach Mhuineacháin, beidh tráth beag na gceist go speisialta dóibh agus duais mar dhearbhán €50 ar fáil.

4 Ná dearmad bheith ag faire amach do dhúshláin bhreise ar an mbealach!

Féadfar leathanach na gceisteanna maraon le téarmaí agus coinníollacha a íoslódáil ag www.monaghantourism.com

Ach an cuardach déanta, seol an iontráil líonta trí r-phost go dtí tourism@monaghancoco.ie

ÁDH MÓR ORT SAN EACHTRA!

Beidh na Téarmaí agus Coinníollacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Trí iontráil a sheoladh chugainn, aontaítear go bhfuil cead ag Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Mhuineacháin aon ghrianghrafanna nó físeáin a sheoltar a chóipeáil ar son an chontae a chur chun cinn.
- Roghnófar na buaiteoirí faoi thuairim astu siúd a raibh formhór na bhfreagraí i gceart acu.
- Is é an Luan 31 Lúnasa 2020 dáta deiridh na n-iontrálach.